

MRB/AFMÁ – Ceistanna Coitianta a Chuirtear**C: Ar chóir dom aiseolas a thabhairt do mo scoláirí agus iad ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe s'acu?**

Is ceart an próiseas don Mheasúnú Rangbhunaithe a mheas mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim, agus ní ar mhaithe le cúrsaí measúnaithe amháin. Táthar ag súil go dtabharfaidh an múinteoir treoir, cabhair agus stiúir le linn an phróisis.

C: Cén chabhair is ceart dom a thabhairt?

Ar an gcabhair is féidir a thabhairt, áirítear riachtanais an taise a shoiléiriú, samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid chun ciall agus léirmhíniú na ngnéithe cáilíochta a shoiléiriú do scoláirí, agus treoracha a thabhairt ag amanna straitéiseacha lena chinntiú go ndéantar na measúinuithe in am trátha.

C: An féidir le scoláirí cabhair a lorg lasmuigh den seomra ranga?

Is féidir leo tacaíocht a fháil ach caithfidh an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an scoláire le linn an phróisis. Ní ghlactar don mheasúnú sa PGSS ach le hobair an scoláire féin.

C: Tá scoláire agam ag a bhfuil riachtanais speisialta (ROS). Cad í an chabhair is féidir a thabhairt?

Nuair a mheasann scoil go bhfuil riachtanas speisialta fisiceach nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaí réasúnta a thabhairt a laghdóidh, oiread agus is féidir, tionchar an mhíchumais ar ghnóthachtáil an scoláire sna Measúinuithe Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na tacaí seo m.sh. cabhair ó chúntóir riachtanais speisialta nó ó theicneolaíochtaí oiriúnaitheacha ag teacht leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun cabhrú leis an scoláire i rith na scoilbhliana.

C: Cad é mar a mheasaimid an obair ag úsáid na nGnéithe Cáilíochta?

Ar leathanach 7 de na Treoirínte Measúnaithe, cuirtear síos ar na Gnéithe Cáilíochta mar seo a leanas: “Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid chun leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas i Measúnú Rangbhunaithe, úsáideann múinteoirí breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (ag tosú le *Níor chomhlíon na hionchais fós*) go dtí go dtagann sé ar an tuairiscín is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairiscín cáilíochta gur chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire, le teacht ar an tuairiscín is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairiscín is fearr a roghnú a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas.”

C: An bhfuil an MRB mar chuid de ghrád CSS ag deireadh an Tríú Bliain?

Ní bhaineann na MRBna le comhpháirt an CSS. Déanfar gnóthachtáil sna MRBna agus do chomhpháirt CSS a thuairisciú astu féin ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Bíonn gnóthachtáil scoláire sa tasc measúnaithe agus sa mheasúnú deiridh i dtreo dheireadh an tríú bliain san áireamh i dtoradh CSS. Is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil 'baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, an tImscrúdú Staitistiúil, is é sin *ceist a chur, sonraí a bhailiú agus a anailísiú agus na sonraí sin a léirmhíniú i gcomhthéacs na ceiste bunaidh*. Tagann an t-eolas agus na scileanna a fhorbraíonn an scoláire le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe chun cinn as an bhfeasacht níos fearr a bhíonn aige ar an bhfiosrúchán staitistiúil. (*Treoirínte Measúnachta Ich 32*).

C: Ar chóir do gach múinteoir Matamaitice i roinn ábhair freastal ar chruinniú AFMÁ?

Luann Rannóg 2.12.3 de chiorclán 0015/2017 ROS (Ich 15) "Nuair a bheidh MRBna déanta ag scoláirí, déanfaidh múinteoirí na scoláirí measúnú orthu agus déanfar na torthaí a thuairisciú do na scoláirí agus do na tuismitheoirí / caomhnóirí. Chun cabhrú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe na scoláirí, beidh na múinteoirí páirteach i gCruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁna). Má mhothaíonn sibh féin, mar Roinn Matamaitice, gur fiú do mhúinteoirí eile freastal, tá cead agaibh ag leibhéal áitiúil cinneadh a dhéanamh maidir le freastal agus cén cineál ról a bheadh acu ag an gcruinniú AFMÁ.

C: Cad é a tharlaíonn má bhíonn múinteoir as láthair ar an dáta a pleanáladh don chruinniú AFMÁ?

Luaitear sna Treoirínte Measúnaithe (Ich 14) gur "tábhachtach amanna agus dátaí an fhorfeidhmíthe a shocrú chomh luath agus is féidir. Is é an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, ar an gcéad dul síos, an príomhdháta a chaithfear a shocrú ón raon dátaí a sholáthraíonn CNCM. Agus an dáta sin á shocrú ag an scoil, caithfidh sí a dálaí áitiúla a chur san áireamh." Má aontaíonn sibh dáta ag an tús don chruinniú AFMÁ, cuideoidh sé chun a chinntiú go mbíonn gach duine in ann freastal. Má bhíonn duine as láthair agus gan neart aige air, beifear ag brath ar chúinsí áitiúla cé acu a chuirfear an cruinniú ar athlá nó nach gcuirfear.

C: An féidir achomharc a dhéanamh ar thuairiscín?

Is í an scoil a bheidh ag plé le ceisteanna i ndáil leis an Imscrúdú Matamaiticiúil, nuair a thagann a leithéid chun cinn. (*Treoirínte Measúnaithe Ich 23*).

C: Cathain a tharlaíonn an cruinniú AFMÁ?

Déanann CNCM teorainneacha na ndátaí don MRB agus AFMÁ a nuashonrú gach bliain ag www.ncca.ie.

C: Cad é a tharlaíonn mura mbíonn comhaontú ag an gcruinniú AFMÁ?

Ag an gcruinniú AFMÁ, ‘déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna agus breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí.’ (Creat don tSraith Shóisearach 2015, lch 9). Is trí idirphlé a thagtar ar chomhaontú faoi chaighdeán. Más amhlaidh nach féidir teacht ar chomhaontú, ba chóir don éascaitheoir é sin a bhreacadh ina thuairisc ar an gcruinniú.

C: An gcaithfidh tú athmheasúnú a dhéanamh ar obair uile an scoláire tar éis an chruinnithe AFMÁ?

“Tar éis an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir aonair athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar.” Coinníonn an múinteoir ranga taifead ar na tuairiscíní deiridh a bronnadh agus roinntear iad leis an éascaitheoir AFMÁ le húsáid chun dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí mar chuid de ghnásanna na scoile i leith tuairisciú leanúnach agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). (Treoirlíne Measúnaithe lch 22).

C: An gceadaítear do scoláire i mbun Máistreacht Gairmiúil le hOideachas freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir?

Ceadaítear, ceadaítear dó freastal ar chruinniú AFMÁ mar bhreathnóir. Más ag obair le rang a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu, is é an múinteoir ranga a bhronnann na tuairiscíní agus a dhéanann athbhreithniú orthu.

C: An dtugtar an obair ar ais do scoláirí nó an gcoimeádtar sa scoil í?

Tugtar an obair ar ais do na scoláirí i ndiaidh duit, mar mhúinteoir, machnamh a dhéanamh ar bhreithiúnas a rinneadh ar obair an scoláire, bunaithe ar thorthaí an chruinnithe AFMÁ, agus i ndiaidh tuairiscín deiridh a thabhairt uirthi. Is féidir leis an éascaitheoir iarraidh ar mhúinteoirí, mura miste leo, cuid d’obair na scoláirí a chur isteach i dtaisce de shamplaí:

- chun cuidiú le hionduchtú múinteoirí nua.
- chun cuidiú le Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AMFÁ)
- chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a gnóthaíodh a léiriú.

C: Cén dóigh a ndéantar taifead ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe?

I ndiaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanann gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne siad ar obair an scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanann oiriúnuithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair. Coinníonn an múinteoir ranga taifead ar na tuairiscíní deiridh a bronnadh agus roinntear iad leis an éascaitheoir AFMÁ.

C: Cén dóigh a ndéantar na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú?

Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe le húsáid chun dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí mar chuid de ghnásanna na scoile i leith tuairisciú leanúnach agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

C: Ar chóir don MRB áit scrúduithe an tsamhraidh a thógáil?

Luaitear i gCiorclán 0079/2018 rannóg 2.13 (Ich 16) “Is gá an ‘rómheasúnú’ a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí a bhaineann leis an iliomad measúnuithe sa réimse iomlán ábhar a laghdú a mhéid agus is féidir. Sa chomhthéacs sin, beidh na Measúnuithe Rangbhunaithe in ionad measúnuithe eile a dhéantar sa scoil faoi láthair amhail scrúduithe inmheánacha na scoile de réir mar is cuí’.

C: Cé na céimeanna den Imscrúdú Matamaitice ag a gceadaítear do scoláirí a bheith ag comhoibriú le chéile?

Is féidir le scoláirí bheith ag comhoibriú le comhscoláirí ag amanna éagsúla le linn an Imscrúdaithe Mhatamaitice. Tá na mionsonraí ar leith a bhaineann le comhoibriú leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe

C: Cé acu céimeanna den Fhiosrúcháin Staitistiúil ag a gceadaítear do scoláirí a bheith ag comhoibriú le chéile?

Is féidir le scoláirí a bheith ag comhoibriú le comhscoláirí ag amanna éagsúla le linn an Fhiosrúcháin Staitistiúil. Tá na mionsonraí ar leith a bhaineann le comhoibriú leagtha amach sna Treoirínte Measúnaithe.

C: Cad é a tharlaíonn mura gcuireann scoláire aon obair isteach?

Luann na Treoirínte Measúnaithe (leathanach 22) ‘Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach don Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairiscín a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú agus torthaí á gcur isteach don PGSS. Is féidir tuilleadh eolais maidir le tuairiscíní don Mheasúnú Rangbhunaithe a thuairisciú a fháil ó ROS ag an nasc seo:

<https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d’Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>